

lonnaithe i mBallstáit éagsúla nó i dtríú tíortha?

- 3) Ag brath ar fhreagra an chéad dá cheist, cé acu de thrí Bhallstát an Aontais Eorpaigh is gá an cháin bhreisluacha ar sholáthar seirbhísí a dhearbhu agus a íoc?
- 4) Leis an Treoir CBL agus an prionsabal maidir le cánachas dúbailte a sheachaint, an gcuirtear cosc ar reachtaíocht chánach náisiúnta, amhail forálacha Airteagal 307 de Legea nr. 227/2015 (Dhlí Uimh. 227/2015), faoina ndéantar an méid seo a leanas:
- a) féadfaidh údaráis chánach náisiúnta Stát an tsoláthóra seirbhísí trasteorann arna soláthar ag duine inchánach i mBallstát an Aontais (P1, stiúideo físchomhrá) a aicmiú, arb é atá ann soláthar (aistriú) ábhair dhigitigh amhail an chineál atá i gceist sna príomhimeachtaí, arb é atá ann seisiún idirghníomhacha de chineál earótach, a scannánaítear agus do dhuine inchánach i mBallstát eile (P2), trí ardán beoshruithaithe atá lonnaithe i Stát eile (P3), mar sheirbhísí chun rochtain ar imeacht siamsaíochta a cheadú, chun críocha fhorálacha Airteagal 53 den Treoir CBL, mar thoradh air sin go mbailítear agus go n-íoctar CBL ar na seirbhísí sin le Stáitchiste an Stáit ina bhfuil a phríomhionad gnó ag an soláthraí, cé go ndearna údaráis chánach an Stáit ina bhfuil faighteoir na seirbhísí suite (P2) aicmiú ar na seirbhísí céanna dá dtagraítear thuas, trí bhíthin gníomh riaracháin cánach a tháinig chun bheith críochnaitheach in éagmais achomhairc os comhair na gcúirteanna, mar sholáthairtí seirbhísí laistigh den Chomhphobal a chumhdaítear leis an rial ghinearálta a leagtar síos in Airteagal 44 den Treoir CBL? An bhféadfaidh na húdaráis chánach Stáit ar tugadh imeachtaí os a comhair ina dhiaidh sin nó ag gníomhú ar a dtionscnamh féin, aicmiú dlíthiúil a dhéanamh ar na seirbhísí trasteorann atá faoi réir iniúchta cánach sa Stát sin atá éagsúil ón aicmiú dlíthiúil a rinneadh cheana féin le haghaidh na seirbhísí céanna, trí bhíthin gníomh riaracháin cánach atá ina ghníomh críochnaitheach agus nach ndearna údaráis chánach Stáit eile agóid bhreithiúnaigh ina choinne ag údaráis chánach an Stáit eile ar tarchuireadh an t-ábhar chuige ar dtús nó a ghníomhaigh ar a dtionscnamh féin, a bhfuil éifeacht cánachais dhúbailte aige i ndáil le CBL, nó an bhfuil sé faoi cheangal aicmiú dlíthiúil na seirbhísí trasteorann atá i gceist a rinne na comhlachtaí cánach a bhí ag déileáil ar dtús leis an gceist sin agus atá tagtha chun bheith críochnaitheach toisc nach ndearnadh agóid bhreithiúnaigh ina choinne, agus [mar sin] nach féidir athbhreithniú breithiúnach a iarraidh ina leith?
- b) Ag brath ar an bhfreagra ar na ceisteanna thuas, cén áit a soláthraítear seirbhísí de réir bhrí na Treorach CBL agus an prionsabal maidir le cánachas dúbailte a sheachaint i gcás amhail sin sna príomhimeachtaí?

(<sup>1</sup>) IO 2006 L 347, lch. 1.

(<sup>2</sup>) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 282/2011 ón gComhairle an 15 Márta 2011 lena leagtar síos bearta cur chun feidhme do Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO 2011 L 77, lch. 1).

**Iarraidh ar réamhrialú ón Curtea de Apel Ploiești (an Rómáin) a taisceadh an 10 Feabhra 2023 — imeachtaí coiriúla in aghaidh C.A.A., C.F.G., C.G.C., C.D.R., G.L.C., G.S., L.C.I., M.G., M.C.G., N.A.S., P.C., U.V., S.O., Ș.V.O., C.V., I.R.P., B.I.I.**

**(Cás C-74/23, Parchetul de pe lângă Înalta Curte de Casație și Justiție – D.N.A. Serviciul Teritorial Brașov)**

(2023/C 205/26)

*Teanga an cháis: an Rómáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Curtea de Apel Ploiești

**Iarratasóir**

Parchetul de pe lângă Înalta Curte de Casație și Justiție – Direcția Națională Anticorupție – Serviciul Teritorial Brașov

**Cosantóirí,**

C.A.A., C.F.G., C.G.C., C.D.R., G.L.C., G.S., L.C.I., M.G., M.C.G., N.A.S., P.C., U.V., S.O., Ș.V.O., C.V., I.R.P., B.I.I.

**Páirtí sibhialta**

Unitatea Administrativ Teritorială Județul Brașov

**Daoine leasmhara**

C.M., C.A., C. Al.

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

- 1) An gá Airteagal 2 CAE, an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE agus Airteagal 4 [(3)] CAE, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 325(1) CFAE agus Airteagal 2(1) de Choinbhinsiún PIF <sup>(1)</sup> agus Airteagail 2 agus 12 de Threoir PIF <sup>(2)</sup>, agus Treoir 2004/18/CE maidir leis na nósanna imeachta um dhámhachtain conarthaí oibreacha poiblí, conarthaí soláthair phoiblí agus conarthaí seirbhíse poiblí a chomhordú, ag féachaint do phrionsabal pionóis éifeachtacha agus athchomhairleacha a bhunú i gcásanna calaoise tromchúisí a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh, <sup>(3)</sup> agus Cinneadh 2006/928/CE <sup>(4)</sup> ón gCoimisiún á chur i bhfeidhm, ag féachaint don abairt deireanach d'Airteagal 49(1) den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc ar staid dhlíthiúil, amháil an staid atá i gceist sna príomhimeachtaí ina n-iarrann na cosantóirí cur i bhfeidhm phrionsabail an dlí choiriúil níos boige i gcomhthéacs inar dhearbhaíodh gur reachtaíocht mhíbhunreachtúil é cinneadh na cúirte bunreachtúla maidir le briseadh na tréimhse teorann le haghaidh dliteanas coiriúil (cinneadh 2022), ar an bhforas gur mhainnigh an reachtais, an reachtaíocht atá i gceist a thabhairt ar aon dul le cinneadh eile ón gcúirt bhunreachtúil chéanna, ceithre bliana roimh an chinneadh deireanach sin (cinneadh 2018) — agus le linn an ama sin chuir na ngnáthchúirteanna an chinnidh roimhe sin i bhfeidhm mar cásdlí socair sa chiall go raibh an reachtaíocht i gceist fós ann, san fhoirm a thuigtear mar thoradh ar chéad chinneadh na cúirte bunreachtúla — leis an iarmhairt phraiticiúil gur laghdaíodh an tréimhse teorann do na cionta go léir nár tugadh aon chiontú deiridh ina leith roimh an gcéad chinneadh ón gcúirt bhunreachtúil agus gur scoireadh dá réir sin de na himeachtaí coiriúla i gcoinne na gcosantóirí a bhí i gceist?
- 2) An gá Airteagal 2 CAE maidir le luachanna an smachta reachta agus urraim do chearta an duine i sochaí arb é a príomhthréith an ceartas agus Airteagal 4(3) CAE maidir le prionsabal an chomhair dhílis idir an tAontas agus na Ballstáit, agus Cinneadh 2006/928/CE ón gCoimisiún á chur i bhfeidhm a mhéid a bhaineann leis an tiomantas chun éifeachtacht chóras breithiúnach na Rómáine a áirithiú, i ndáil leis an abairt deiridh d'Airteagal 49 [(1)] den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, lena gcuimhdáitear prionsabal an ghnáthdhlí choiriúil níos boige, a léiriú maidir leis an gcóras breithiúnach náisiúnta ina iomláine, mar chosc ar staid dhlíthiúil, amháil an staid atá i gceist sna príomhimeachtaí ina n-iarrann na cosantóirí go gcuirfeadh prionsabal an dlí choiriúil níos boige i bhfeidhm, i gcomhthéacs inar dhearbhaíodh gur reachtaíocht mhíbhunreachtúil é cinneadh na cúirte bunreachtúla maidir le briseadh na tréimhse teorann le haghaidh dliteanas coiriúil (cinneadh 2022), ar an bhforas gur mhainnigh an reachtais, an reachtaíocht atá i gceist a thabhairt ar aon dul le cinneadh eile ón gcúirt bhunreachtúil chéanna, ceithre bliana roimh an chinneadh deireanach sin (cinneadh 2018) — agus le linn an ama sin chuir na ngnáthchúirteanna an chinnidh roimhe sin i bhfeidhm mar cásdlí socair sa chiall go raibh an reachtaíocht i gceist fós ann, san fhoirm a thuigtear mar thoradh ar chéad chinneadh na cúirte bunreachtúla — leis an iarmhairt phraiticiúil gur laghdaíodh an tréimhse teorann do na cionta go léir nár tugadh aon chiontú deiridh ina leith roimh an gcéad chinneadh ón gcúirt bhunreachtúil agus gur scoireadh dá réir sin de na himeachtaí coiriúla i gcoinne na gcosantóirí a bhí i gceist?
- 3) Más amhlaidh atá, agus sa chás sin amháin nach féidir léiriú atá i gcomhréir le dlí an Aontais a thabhairt, an gá prionsabal thosaíocht dhlí an Aontais a léiriú mar chosc ar reachtaíocht náisiúnta nó ar chleachtas náisiúnta faoina bhfuil gnáthchúirteanna náisiúnta faoi cheangal ag cinní ón gcúirt bhunreachtúil náisiúnta agus ag breitheanna ceangailteacha ón gcúirt uachtarach náisiúnta agus ar an gcúis sin nach féidir leo, agus ar an mbaol cion araíonachta a dhéanamh, an cásdlí a eascraíonn as na cinní sin a dhífheidhmiú as a stuaim féin, fiú má mheasann siad: i bhfianaise breithiúnais ón gcúirt Bhreithiúnais, go bhfuil an cásdlí sin contrártha go príomha le hAirteagal 2 CAE, leis an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE agus le hAirteagal 4 [(3)] CAE, i gcomhar le hAirteagal 325(1) CFAE, agus le cur i bhfeidhm Chinneadh 2006/928/CE ón gCoimisiún, ag féachaint don abairt deiridh d'Airteagal 49 [(1)] den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, mar atá sna príomhimeachtaí?

<sup>(1)</sup> Coinbhinsiún arna dhreachtú ar bhonn Airteagal K.3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach maidir le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint (IO 1995 C 316, lch. 49).

<sup>(2)</sup> Treoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2017 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhíthin an dlí choiriúil (IO 2017 L 198, lch. 29).

<sup>(3)</sup> Treoir 2004/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 maidir leis na nósanna imeachta um dhámhachtain conarthaí oibreacha poiblí, conarthaí soláthair phoiblí agus conarthaí seirbhíse poiblí a chomhordú (IO 2004 L 134, lch. 114).

<sup>(4)</sup> Cinneadh ón gCoimisiún an 13 Nollaig 2006 lena mbunaítear sásra comhair agus forúcháin ar dhul chun cinn sa Rómáin chun aghaidh a thabhairt ar thagarmharcanna sonracha i réimsí an athchóirithe bhreithiúnaigh agus an chomhraic i gcoinne an éillithe (IO 2006 L 354, lch. 56).